Irish Film Institute

# Gearrscannáin

## Treoirleabhar Staidéir



# Gearrscannáin

## Treoirleabhar Staidéir


01 Sylvia ........ 05

02 El Toro ........ 08

03 Buddy ........ 10

04 Asal ........ 12

05 Beirt le Chéile ........ 14

06 Rubaí ........ 16

**Gearrscannáin**
*Treoirleabhar Staidéir*

Tá an treoirleabhar staidéir seo eisithe ag Institiúid Scannán na hÉireann chun gabháil le Scéim Gearrscannán Bhord Scannán na hÉireann. Is í aidhm na scéime seo gearrscannáin Ghaeilge a chur ar fáil a mbeidh tóir ag an bpobal i gcoitinne orthu.

Is féidir féachaint ar *Gearrscannáin* ag:
www.ifi.ie/gearrscannáin

Ar taispeáint faoi láthair: *Buddy, Asal, Sylvia, El Toro.*

Ag teacht go luath: *Rubaí, Beirt le Chéile.*

Tá míniú ar na focail a bhfuil **cló dubh** agus réiltín (*) orthu ar fáil sa Ghluais ar chúl.

---

## Treoracha do Mhúinteoirí

**Cad chuige an gearrscannán sa rang Gaeilge?**
Luaitear thíos cuid de na tairbhí foghlama a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar *Gearrscannáin*:

- *Mar chuid riachtanach den litearthacht chomhaimseartha*

> Is é atá i gceist sa litearthacht ná an cumas le bheith in ann na cineálacha **éagsúla** den chumarsáid a léamh, a thuiscint agus léirthuiscint chriticiúil a bheith againn dóibh, an teanga labhartha, téacs clóite, **na meáin chraolta, agus na meáin dhigiteacha** ina measc.
>
> (An Straitéis Náisiúnta don Litearthacht agus Uimhearthacht, 2011, lch. 8)

- *Chun scileanna cluastuisceana agus scileanna labhartha na ndaltaí a fhorbairt*

> Two thirds of the educators questioned felt that working with Gearrscannáin greatly developed the students listening comprehension abilities. (lch. 72)
>
> (IFI Film Focus: New Directions in Film & Media Literacy, 2012[1], lch. 72)

- *Ar mhaithe le taitneamh*

> Taitneamh agus spreagadh intleachtúil agus mothúchánach a sholáthar do na scoláirí i gcomhthéacs na Gaeilge.
>
> (Siollabais na hArdteistiméireachta, 2010)

- *Chun an Ghaeilge a léiriú mar theanga chomhaimseartha*

Shíl 80% de na scoláirí a ghlac páirt i dtaighde an IFI gur chuidigh na gearrscannáin leis an nGaeilge a chur os a gcomhair mar theanga bheo.

1. Tuilleadh eolais ar Film Focus ar fáil ag www.ifi.ie/learn

# 01Sylvia

## 01 SCÉAL AN SCANNÁIN

### A. Roimh an scannán a fheiceáil

I bhur ngrúpaí, féachaigí ar an ngrianghraf thíos as *Sylvia*.

(a) Meas sibh cén **seánra*** is mó lena mbaineann an scannán seo?

- scannán taistil
- scannán faoi theacht in aois
- scannán rómánsúil
- dráma

(b) Ceangail gach focal/nath thíos le seánra(í) cuí thuasluaite:

| | | |
|---|---|---|
| caidreamh | aibíocht | réalachas |
| aistear | córas iompair | fás |
| cruachás | ciall | fadhb le sárú |
| foghlaim fút féin | easpa tuisceana | |
| ceannscríbe | ag suirí | |

(c) Le cabhair an stór focal thuas, insígí céard a tharlóidh sa scéal seo, dar libh.

### B. Tar éis an scannán a fheiceáil

- Ar chuir aon chuid den scéal iontas ort? Mínigh.
- Cén seánra lena mbaineann an scannán, dar le Stiúrthóir *Sylvia* sa chéad alt de **Nótaí an Stiúrthóra** (lch.7)?





## 02 NA CARACHTAIR DHAONNA

**Féach ar na pictiúir thuas.**

(a) Líon isteach tréithe fisiciúla gach carachtair sa ghreille thíos.

| Carachtar | Gruaig | Corp | Aois | Éadaí | Tréithe |
|---|---|---|---|---|---|
| **Dook** | | | | | |
| **Pól** | | | | | |
| **Eibhlín** | | | | | |
| **Ger** | | | | | |

(b) Scríobh alt gairid faoi gach carachtar ag cur síos air/uirthi idir chuma agus phearsantacht:

***Abairtí samplacha***:
*Is fear ard, tanaí é Dook a bhfuil gruaig liath air.... Is duine rúndiamhrach é....*

**Stór focal**

| | | | |
|---|---|---|---|
| leithleasach | paiseanta | tuisceanach | amaideach |
| cairdiúil | rúndiamhrach | flaithiúil | cúthaileach |
| ciúin | mídhílis/dílis | ciallmhar | uaibhreach |

## 03 TÉAMAÍ: GRÁ AGUS SAOIRSE

Breathnaígí ar an scannán athuair. Déanaigí grúpaí de cheathrar (dhá bheirt) agus glacaigí nótaí:

**Beirt A: Cúrsaí grá**

(a) Ainmnigh na gaoil ghrámhara sa scannán. Conas a léiríonn na carachtair a gcion/easpa ceana don ábhar muirneach?
(b) Cad iad na ceachtanna a fhoghlaimíonn Pól faoi chúrsaí grá sa scéal seo?

**Beirt B: Saoirse agus aistear**

(a) 'Is siombail í Sylvia don tsaoirse'. Conas a chuirtear é seo in iúl?
(b) 'Tá cúpla cineál aistir i gceist sa scannán seo – aistear fisiciúil agus aistear chun tuisceana.' Léirigh.



## 04 NÓTAÍ AN STIÚRTHÓRA



*Scríobh Séamus Moran, stiúrthóir* Sylvia*, na nótaí seo nuair a bhí sé ag pleanáil an scannáin:*

I scéalta faoi 'theacht-in-aois' is minic a bhíonn 'treoraí' dall a chuidíonn leat ar bhóthar an fhéinfhollasaithe. Is minic nach mbíonn sé soiléir ar dtús an bealach inar chuidigh sé leat ach nuair a bhreathnaíonn tú siar, tuigeann tú gurb eisean fá ndeara tú ag foghlaim fút féin agus faoin saol.

Thaitin sé liom freisin a bheith ag súgradh le híomhá an phríomhcharachtair, Sylvia: gluaisrothar a bhfuil a hintinn féin aici! An príomhdhushlán atá romhainn ná é seo a bhaint amach gan íomhánna **ríomhghinte*** costasacha... Go bunúsach, bainfimid úsáid as **uillinn an cheamara*** agus as **soilsiú*** chun smaointe agus mothúcháin Sylvia a chur in iúl. Beidh puipéadóirí againn chun 'gluaiseachtaí cinn' agus gníomhartha eile a ionramháil. Nuair nach féidir na puipéadóirí a cheilt sa fhráma, tá teicníochtaí simplí scáileáin ghlais ar féidir linn a úsáid go héasca le linn iarléirithe.

**Tuairimíocht**

1. Ar éirigh leis na teicníochtaí a roghnaigh an Stiúrthóir chun carachtar Sylvia a chur in iúl, dar leat?

   *(Nod: seatanna teanna dathanna uillinn an cheamara soilsiú)*

2. Cuardaigh eolas ar 'scáileán glas'. Mínigh i gcúpla abairt céard atá i gceist leis an teicníocht seo.

3. Dá mbeifeá féin i do Stiúrthóir ar *Sylvia*, an bhfuil aon teicníocht eile a mbainfeá úsáid aisti chun carachtar an ghluaisrothair a 'fhorbairt'? Chun carachtar eile a fhorbairt?



# 02 El Toro

## 01 ACHOIMRE AR SCÉAL AN SCANNÁIN

**Líon na bearnaí 1-8 le focal cuí ón liosta (a) – (h) thíos.**

Is páiste _____(1)_____ é Cian agus níl ach é féin agus a athair sa bhaile. Tá siad ina gcónaí ar ______(2)_______. Tá ______(3)____________á déanamh ar Chian ar scoil.


Oíche amháin tagann an teilifís ____(4)_______ leis féin agus labhraíonn matadóir le Cian! Deir an matadóir leis go gcaithfidh sé _____(5)_____ suas dó féin. Múineann an matadóir dó conas _______(6)_______ in aghaidh tairbh. Ansin tagann an _______(7)________ ar a chuairt bhliantúil go dtí an fheirm. Tógann Cian an teilifís amach go dtí an ______(8)______ agus troideann sé leis an tarbh.

*(Nod: (a) bulaíocht (b) seasamh (c) aonair (d) ar siúl (e) troid (f) pháirc (g) fheirm (h) tarbh )*

---

## 02 BULAÍOCHT

Féach ar thús an scannáin arís, go háirithe ar na **radhairc*** atá suite ar scoil.



a) Déan cur síos ar na rudaí a dhéanann na buachaillí ar scoil chun bulaíocht a dhéanamh ar Chian. Cén fáth nach seasann Cian suas dó féin, meas tú?

b) I bhur ngrúpaí, scríobhaigí polasaí i leith bulaíochta (beartas frithbhulaíochta) do scoil Chian.

c) Cad iad na moltaí a bheadh agaibh do dhaltaí a thugann faoi deara go bhfuil bulaíocht á déanamh ar dhuine eile?

---

## 03 LAOCHAS AGUS AISTEAR AN LAOICH

Sa Spáinn, is **siombail*** thraidisiúnta é an matadóir don laochas.

a) Cad iad na tréithe atá ag an matadóir nach bhfuil ag Cian ag tús an scannáin?

b) Cén rud is mó a mhúineann an matadóir do Chian, dar leat?
- Aghaidh a thabhairt ar an mbulaí ar scoil
- Foghlaim conas Spáinnis a labhairt
- Foghlaim conas seasamh suas dó féin
- Níos mó féinmhuiníne a bheith aige

c) Cén tábhacht a bhaineann leis an gceacht a mhúineann sé?

d) I bhur ngrúpaí, pléigí na roghanna a rinne sibh do cheist (b) thuas. An bhfuil aon cheacht eile a fhoghlaimíonn Cian?

e) I bhur ngrúpaí ainmnígí roinnt finscéalta atá ar eolas agaibh ina múineann stróinséir ceacht saoil don duine óg agus léirigh cén ceacht atá ann i ngach cás.



## 04 CUMARSÁID DHÁTHEANGACH/ILTEANGACH



Is scannán dátheangach é *El Toro*.

a) Féachaigí ar an scannán arís agus éistigí go cúramach leis an g**comhrá***/féachaigí go géar ar na **fotheidil***.

Líon isteach an ghreille thíos leis an aistriúchán sa dara teanga:

| Gaeilge | Spáinnis |
|---|---|
| páiste/gasúr | |
| | quatro |
| laoch | |
| | toro |
| Maith thú! | |

b) Canúint Chonamara atá á labhairt sa scannán seo. Aimsígí na nathanna canúnacha arb ionann a mbrí agus na nathanna caighdeánacha thíos:

| Gaeilge chaighdeánach | Canúint Chonamara |
|---|---|
| Is féidir liom | |
| Teastaíonn uaim | |
| Táim go breá | |
| Tar anseo | |
| Múch an teilifís | |

c) Suirbhé teangacha:

- Déanaigí liosta de na teangacha (seachas Béarla/Gaeilge) a labhraíonn daltaí sa rang.
- An mó teanga a labhraíonn daltaí an ranga, ag cur san áireamh na teangacha a fhoghlaimíonn sibh ar scoil?

## 05 CEALÚ AN DÍCHREIDIMH

Tagann an teilifís ar siúl gan aon chnaipe a bhrú!

- I bhur ngrúpaí, déanaigí liosta de shamplaí de *chealú an díchreidimh* sa scannán.
- Cad iad na teicníochtaí a úsáideann an Stiúrthóir chun cabhrú libh bhur ndíchreideamh a chealú?

## 06 DÍOSPÓIREACHT

Pléigí an rún: 'Is meán do na seanóirí é an teilifís; níl sé ábhartha don aos óg a thuilleadh'.

# 03 Buddy

## 01 SCÉAL AN SCANNÁIN

**A. Cuir na habairtí (a)-(i) san ord ceart, 1-8, chun scéal an scannáin a insint:**
(a) Tá na fir eile ag filleadh ar Éirinn don Nollaig ach tá Beairtle ag fanacht i Sasana.
(b) Tar éis na hoibre téann Beairtle chuig an ollmhargadh.
(c) Tá an scannán suite i Sasana ag druidim le haimsir na Nollag.
(d) Socraíonn Máirín siúl abhaile lena mac, Tommy.
(e) Nuair a fhilleann sé ar a charr sa charrchlós cloiseann sé lánúin ag argóint.
(f) Tairgeann Beairtle síob abhaile don bhean (Máirín).
(g) Tá Beairtle ag obair sa tionscal tógála in éindí le scata Éireannach as Conamara.
(h) Tosaíonn an fear (Dave) ag maslú Beairtle.

**B. Rólaithris**
Ag obair i mbeirteanna, glacadh **Duine** A ról duine de na carachtair sa liosta thíos agus bíodh **Duine** B mar chara leis/léi. Ceapaigí comhrá ina bhfuil Duine B ag ceistiú **Duine** A faoin lá a bhí aige/aici.

**Carachtair:** Fear ó Chonamara atá ag obair le Beairtle; Dave; Máirín.

## 02 MOTHÚCHÁIN

(a) Scríobh cúpla abairt faoi gach **seat*** thíos ag rá cén mothú atá ar an gcarachtar ann agus céard is cúis leis an mothú sin a bheith air/uirthi.
(b) I gcás gach pictiúir díobh, cén chomharthaíocht choirp a thugann le fios dúinn cén aoibh atá ar an gcarachtar?



## 03 SCÉAL NOLLAIGIÚIL

**Féach go géar ar an scannán athuair.**

Sa ghreille thíos, líon isteach na teicníochtaí a úsáideann an Stiúrthóir le cur in iúl go bhfuil an scéal suite um Nollaig. Cabhróidh an Ghluais ar chúl leat.

| Fís* (seatanna/fearas stáitse*) | Comhrá* | Fuaimeanna eile |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |

## 04 BEAIRTLE

### A. Tréithe an phríomhcharachtair



(a) Tarraing ciorcal thart ar na tréithe thíos a bhaineann le Beairtle, dar leat:

| | |
|---|---|
| díograiseach / leisciúil | cairdiúil / eascairdiúil |
| trodach / cosantach | cneasta / míchneasta |
| spleách / neamhspleách | cuiditheach / leithleasach |

(b) Cé na gníomhartha/cén comhrá dá chuid a léiríonn na tréithe a roghnaigh tú?

(c) Cuir Beairtle i gcomparáid le Dave (fear Mháirín). Cé acu fear is mó a bhfuil meas agat air, Beairtle nó Dave? Cuir fáth le do rogha.

### B. Ag obair sna meáin!

Is tuairisceoir teilifíse tú agus tá clár faisnéise ar shaol na nÉireannach i Londain á dhéanamh agat. Tá Beairtle chun páirt a ghlacadh sa chlár. Scríobh liosta na gceisteanna a chuirfidh tú air san agallamh. I ngrúpaí beirte, déanaigí rólimirt ar an agallamh.

## 05 CÚRSAÍ IMIRCE

### A. Léarscáil

- Breathnaigh ar an léarscáil thíos.
- I gcomhthéacs ábhar an scannáin, cén tábhacht a bhaineann leis na cathracha atá luaite?
- Cé na smaointe a rith leat nuair a chonaic tú daoine sa scannán ag labhairt Gaeilge i Sasana?

### B. Léigh an sliocht agus líon isteach na bearnaí le focail ón liosta thíos:

Suas go dtí tús an chéid seo, ba iad muintir na hÉireann an grúpa __________________ ba mhó sa Bhreatain Mhór. Sa lá atá inniu ann, is iad an ceathrú ________________ inimirceach is mó sa Bhreatain iad taobh thiar de mhuintir na hIndia, na Polainne agus na Pacastáine. Meastar go bhfuil __________ _______________ 407,000 daoine a rugadh in Éirinn ina gcónaí i Sasana agus sa Bhreatain ________________ faoi láthair.

Faighimid sracfhéachaint sa scannán seo ar shaol roinnt carachtar _________________ a d'imigh ar imirce ó ___________________ go Sasana. Labhraíonn na fir seo Gaeilge lena chéile. Léiríonn sé seo fíric faoi inimircigh as Éirinn. Tá 9,000 cainteoirí _______________ Gaeilge sa Bhreatain agus meastar go bhfuil thart ar 80,000 eile a bhfuil Gaeilge réasúnta maith acu.




**Liosta focal:** *Chonamara* *ficseanúil* *Bheag* *eitneach* *os cionn* *grúpa* *líofa*

# 04 Asal

## 01 ACHOIMRE

**Roghnaigh an focal ceart as na péirí focal thíos chun cuntas a thabhairt ar scéal an scannáin:**

Tá an scannán suite ______________________. Is _______________ é Fionn agus tugann sé aire d'asal. Nuair a chuimlíonn Fionn _______________ an asail tugann sé faoi deara go bhfuil _________________ ar a láimh.

Siúlann Fionn go dtí an caladh beag ina bhfuil a bhád ach leanann ______________ é. Tugann sé __________________ d'Fhionn gan filleadh agus gan fios a chur ar na húdaráis. Imíonn Fionn ina bhád ach tá sé fós ________________ ar an asal. Filleann sé __________________ agus tarrthálann sé an t-asal.

### Péirí focal

| | |
|---|---|
| an t-asal/úinéir an asail | ag féachaint/ag smaoineamh |
| salachar/fuil | duine fásta/déagóir |
| i gConamara/i gCorcaigh | i lár an lae/i lár na hoíche |
| muinéal/cos | comhairle/rabhadh |

## 02 TÉAMA: CAIDREAMH LE PEATAÍ/AINMHITHE

Féach ar an scannan arís agus freagair na ceisteanna:

### A. Fionn agus Asal

a) 'Tá caidreamh ar leith idir Fionn agus na hasail.' Léirigh.

*Nod: aoire laoch compánach slánaitheoir nó....?*

b) Cad a mhothaigh tú nuair a chonaic tú an scata asal sa t**sraitheog*** dheireanach? Mínigh.

Cad a léiríonn na **seatanna*** seo faoi Fhionn?

### B. Ról agus tréithe ainmhithe/úinéirí ainmhithe i scannán

a) Go minic is iad ***dílseacht*** agus ***crógacht*** na tréithe is mó a bhaineann le hainmhí i scannán.

An bhfuil na tréithe seo le feiceáil in *Asal*? Cé aige?



b) I bhur ngrúpaí, déanaigí liosta de scannáin, *Asal* san áireamh, ina bhfuil an caidreamh idir ainmhí agus duine tábhachtach. Cuirigí na scannáin i gcomparáid lena chéile faoi na teidil thíos:

| Scannán | Saghas ainmhí | Tréithe an ainmhí | Ról an ainmhí / Gaol le húinéir |
|---|---|---|---|
| *Asal* | asal | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

## 03 ATMAISFÉAR AN TEANNAIS



**Léigh an t-agallamh thíos le Enda O'Dowd, eagarthóir, faoi na teicníochtaí eagarthóireachta in *Asal*.**

Stíl eagarthóireachta mhall nádúrtha a bhí in úsáid againn mar bhíomar ag iarraidh go mbeadh cuma nádúrtha, réalaíoch ar an scéal. Ansin, nuair a bhí an gasúr sa bhád, bhriseamar an rithim sin le seatanna níos giorra agus luas níos sciobtha. Rinneamar é seo chun teannas a chruthú.

Bhain mé úsáid as **céimniú go dubh / ó dhubh*** chun imeacht ama a chur in iúl. Ansin bhí an smaoineamh ag Tom** fuaimeanna na farraige a choinneáil taobh thiar den seat dubh. Nuair a chloiseann an lucht féachana na fuaimeanna sin taobh thiar den scáileán dubh bíonn siad ag tnúth le drochrud éigin tarlúint.

Tá codarsnacht sa scannán idir **seatanna leathana*** agus **seatanna teanna***. Cuireann na seatanna leathana ag an tús suíomh an scannáin in iúl, dar ndóigh. Níos déanaí sa scannán, áfach, tá **idirghearradh*** idir na seatanna teanna den ghasúr agus na seatanna teanna foréigneacha ag léiriú smaointe Fhinn mar bhíomar ag iarraidh míshocracht shiceolaíoch a chur in iúl.

**Tom Sullivan, Stiúrthóir

a) Déan liosta de na teicníochtaí eagarthóireachta a luann Enda.
b) Breathnaigh ar an scannán arís. Breac nótaí faoi éifeachtaí na dteicníochtaí agus roinn le do pháirtí.
c) Ar thug tú faoi deara aon teicníocht eile a chuidigh le teannas a chruthú sa scannán? (Nod: Éist leis na fuaimeanna)

Teicníocht eagarthóireachta — Éifeacht

# 05 Beirt le Chéile


## 01 SCÉAL AN SCANNÁIN

**A. An bhfuil na habairtí seo a leanas fíor nó bréagach mar chuntas ar scéal an scannáin?**

| | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| a) Tá an scannán suite le linn Éirí Amach na Cásca 1916. | ________ | ________ |
| b) Mícheál agus Seán is ainm don bheirt phríomhcharachtar. | ________ | ________ |
| c) Is saighdiúir in Arm na Breataine é Tom. | ________ | ________ |
| d) Tá Tom créachtaithe go dona. | ________ | ________ |
| e) Tugann Tom a chóta (cóta éide Arm na Breataine) do Mhícheál chun é a choinneáil te. | ________ | ________ |
| f) Is dochtúir é Tom. | ________ | ________ |
| g) Faigheann Tom cabhair ó fheirmeoir. | ________ | ________ |
| h) Maraíonn iníon an fheirmeora Mícheál. | ________ | ________ |

**B. Scríobh achoimre ar scéal an scannáin le cabhair na n-abairtí thuas.**

## 02 SEÁNRA*: FICSEAN STAIRIÚIL


POBLACHT NA H EIREANN.
THE PROVISIONAL GOVERNMENT
OF THE
IRISH REPUBLIC
TO THE PEOPLE OF IRELAND.

Scéal ficseanúil is ea *Beirt le Chéile* ach baintear úsáid éifeachtach as ábhar **cartlainne*** d'eachtra stairiúil chun cuma na fírinne a chur ar an scéal.

a) Cén léiriú ar Éirí Amach na Cásca 1916 atá san ábhar cartlainne?

b) Déan taighde chun an méid seo a leanas a fháil amach:
- Ainmneacha seachtar sínitheoirí *Fhorógra na Poblachta*
- An áit inar síníodh é
- Áit amháin a bhfuil cóip bhunaidh le feiceáil inniu
- An tábhacht pholaitiúil a bhaineann leis an *bhForógra*

c) Ag comóradh 1916 in 2016:
Tá tú ag léiriú clár faisnéise do chomóradh Céad Bliain Éirí Amach na Cásca 1916. Déan liosta de na suíomhanna ar an láthair agus de na haíonna a bheidh sa chlár. Breac nóta ag míniú cén fáth a ndearna tú iad a roghnú.

**Stór focal:**

| | | |
|---|---|---|
| neamhspleáchas a bhaint amach | troid | naimhde |
| saoirse pholaitiúil | ag iarraidh | ar son |
| taobhanna difriúla | fuath | in aghaidh |
| maraíonn | cairde | ní aontaíonn |

## 03 TÉAMAÍ AN CHAIRDIS AGUS AN NAIMHDIS

**Breathnaígí ar an scannán arís ag éisteacht go cúramach leis an gcomhrá*.**

- Cad iad na mionsonraí sa chomhrá a thugann le fios dúinn gur chairde iad Tom agus Mícheál tráth?
- Cad a léiríonn na seatanna thíos faoin gcaidreamh idir an bheirt phríomhcharachtar?
- Déanann ceathrar sa scannán feall ar a chéile ar bhealaí difriúla. Ainmnigh an ceathrar agus na feallanna a dhéanann siad.





## 04 ÍORÓIN AGUS SIOMBAILÍ SA SCÉAL

a) 'Tá an dráma seo breac le híoróin.' Pléigí.

b) Sampla d'**fhearas*** ag feidhmiú mar **shiombail*** sa scannán is ea cás toitíní airgid Tom.

- Cén *suntas reacaireachta* a bhaineann leis an gcás toitíní, dar leat?
- Cad a chuireann sé in iúl faoi Tom? Cén dearcadh atá ag Mícheál ina leith?




# 06 Rubaí

## 01 SCÉAL AN SCANNÁIN

### A. Tasc réamhfhéachana

Féachaigí ar na grianghraif thíos:

- I bhur ngrúpaí, déanaigí liosta focal/nathanna chun cur síos ar a bhfuil sna grianghraif agus scríobhaigí imlíne ar a bhfuil chun tarlúint sa scannán, dar libh.



### B. Tasc iarfhéachana

- An raibh aon chosúlachtaí idir bhur leagan den scéal agus na heachtraí sa scannán?
- Roinnigí leis an rang.

## 02 TRÉITHE RUBAÍ

a) Léigh na ráitis thíos agus meaitseáil iad leis an duine cuí, dar leat:

| | |
|---|---|
| **an múinteoir** | 'Is *amhas beag* í! Cuirfidh sí náire orm os comhair gach duine eile.' |
| **an sagart** | 'Is páiste *fiosrach, cliste* í. Bíonn sí i gcónaí ag léamh agus ag machnamh.' |
| **máthair Rubaí** | 'Cuireann sí isteach orm lena ceisteanna *amaideach*a sa rang.' |
| **iad ar fad** | 'Is páiste *ceanndána* í. Níl sí sásta a tuairimí faoi Dhia a athrú.' |

b) Cén ceann de na tuairimí thuas faoi Rúbaí is mó a n-aontaíonn tú leis? Mínigh.

c) Féach ar an scannán arís.

- Cé na gníomhartha/cén comhrá dá cuid a léiríonn gur páiste *seanchríonna* í Rubaí?
- An dtaitníonn carachtar Rubaí leat? Mínigh.

## 03 DATHANNA AGUS CULTACHA

a) Úsáideann Stiúrthóir *Rubaí* **dathanna** agus **cultacha*** mar **shiombailí*** físiúla.

- Ainmnigh an chulaith atá ar an dath thíos agus abair cén siombail a bhaineann léi:

| Dath | Culaith | Siombail |
|---|---|---|
| Bán | ______________________ | ______________________ |
| Dearg | ______________________ | ______________________ |
| Donn | ______________________ | ______________________ |

(b) I ngrúpaí:

- cuirigí le chéile liosta de rudaí sa ghnáthshaol a bhfuil siombalachas ag baint leo ó thaobh datha de.
- smaoinígí ar scannáin eile, nó úrscéalta, a bhfuil ról siombalach ag dath iontu. (*Nod:* dath ar éadaí, gruaig, carr, tírdhreach... ).

(c) Mar obair bhaile, scríobh alt ar an siombalachas datha a bhaineann le scannán amháin.

## 04 CÚRSAÍ CREIDIMH AGUS CÚRSAÍ EOLAÍOCHTA

**A. Breathnaígí ar an scannán athuair. Déanaigí grúpaí de cheathrar (dhá bheirt) agus glacaigí nótaí:**

*Beirt A: Cúrsaí creidimh sa scannán*

a) Déanaigí liosta de na **siombailí*** den chreideamh a fheicimid sa scannán.
b) Gar don chríoch, tugann caint Rubaí leid dúinn faoin bhfáth ar éirigh sí as creideamh i nDia. Cad a tharla nach gcreideann sí i bpaidreacha anois?
c) Cén dearcadh a léiríonn an Stiúrthóir ar chúrsaí creidimh sa scannán seo, dar libh?

*Beirt B: Cúrsaí eolaíochta sa scannán*

a) Déanaigí liosta de na siombailí den eolaíocht a fheicimid sa scannán.
b) Cén fáth a n-osclaíonn an scannán le seat de Rubaí ag obair sa gharraí?
c) Cén leabhar atá ina láimh ag Rubaí? Cad a léiríonn an seat seo fúithi?




**B. Roinnigí bhur nótaí lena chéile. Pléigí an bhfuil claonadh sa scannán: i dtreo na heolaíochta nó i dtreo an chreidimh?**

## 05 CODARSNACHTAÍ

a) I ngrúpaí beirte, pléigí na hathruithe a thagann ar mheon mháthair Rubaí i rith an scannáin. Cén fáth a n-athraíonn sí a dearcadh, dar libh?

b) 'Tá a lán codarsnachtaí sa scannán seo.' Le cabhair na nodanna thíos, scríobh alt ag léiriú fírinne an ráitis.

( Nodanna: **cultacha*** tuairimí mianta ceisteanna mothúcháin )

# Gluais

## 1. Téarmaí agus teicníochtaí scannánaíochta

| | |
|---|---|
| *céimniú go dubh* | Nuair a chríochnaíonn seat le leátán go scáileán dubh |
| *céimniú ó dhubh* | Nuair a thosaíonn seat le leátán ó scáileán dubh |
| *ceol teidil* | An ceol a sheinntear taobh thiar de na grafaicí teidil |
| *comhrá* | Caint na gcarachtar |
| *cúlcheol* | Fuaimrian an scannáin a úsáidtear chun cur leis an atmaisféar |
| *cultacha* | Éadaí na gcarachtar; ag cur pearsantacht/aois/suíomh in iúl |
| *fearas stáitse* | Nithe, seachas troscán agus éadaí, a úsáidtear sa scannán |
| *fotheidil* | Trascríobh ar an gcomhrá sa dara teanga |
| *iardhearcadh* | Radharc nó sraitheog a chuirtear isteach san aicsean san am i láthair ach a léiríonn rud a tharla san am atá thart |
| *idirghearradh* | Nuair a ghearrtar ó sheat amháin go seat eile agus ar ais chuig an gcéad seat |
| *íomhá réamhghinte* | Seat/sraith seatanna a ndéantar ionramháil orthu ar ríomhaire |
| *maisíochtaí fuaime* | Fuaimeanna a bhrúitear anuas ar radharc ar mhaithe le drámatúlacht |
| *peanáil* | Gluaiseann cloigeann an cheamara ar chlé |
| *radharc* | Seat nó sraith seatanna de ghníomh aonair a tharlaíonn ar láthair aonair |
| *seánra* | An cineál scéil atá i gceist, mar shampla, ficsean, faisnéis, rómáns, stair, dráma grinn, tragóid... |
| *seat fada/leathan* | Seat ina fheictear an duine iomlán/an t-ábhar iomlán |
| *seat teann* | Nuair atá an ceamara an-ghar don duine/ábhar chun mothú/mionsonra a chur in iúl |
| *siombail* | Nuair a úsáidtear rud chun coincheap a chur in iúl m.sh. rós dearg ag seasamh don fhíorghrá |
| *siombalachas* | Feidhm a bhaint as siombailí chun coincheapa a chur in iúl |
| *soilsiú* | An próiseas agus an teicneolaíocht trína ndéantar duine/aicsean a mhaisiú le soilse |
| *sraitheog* | Sraith radharc atá mar mhír den scéal |
| *uillinn an cheamara* | *1. Seat ó cheamara ard*: Tá an ceamara ag breathnú anuas, ag cur in iúl go bhfuil an duine/an t-ábhar sa bhfráma beag nó leochaileach<br>*2. Seat ó cheamara íseal*: Tá an ceamara ag breathnú aníos, ag cur in iúl go bhfuil an duine/an t-ábhar sa bhfráma mór, láidir nó údarásach |
| *zúmáil* | Ceartaítear lionsa an cheamara chun go mbeidh cuma níos mó ar an ábhar nó ar an duine sa bhfráma |

## 2. An criú scannáin

***Meaitseáil an duine as colún A lena ghnó/lena gnó i gcolún B:***

| A | B |
|---|---|
| 1.Léiritheoir | a. Stiúireann sé/sí an scannán, go háirithe na seatanna |
| 2. Stiúrthóir | b. Glacann sé/sí páirt charachtair éigin sa scannán |
| 3. Aisteoir | c. Cuireann sé/sí na seatanna le chéile agus cuireann maisíochtaí fuaime leo |
| 4. Eagarthóir | d. Glacann sé/sí na seatanna |
| 5. Ceamaradóir | f. Cinntíonn sé/sí go gcomhlíontar an tionscadal in am agus chuig caighdeán cuí |

Cumtha agus scríofa ag: Bernardine Nic Giolla Phádraig.

Curtha in eagar ag: Alicia McGivern le hionchur ó Elaine MacGinty agus Deirdre Quinlan, ISÉ Oideachas.

Buíochas ar leith le: Bord Scannán na hÉireann agus Foras na Gaeilge.

Grianghraif ó *Buddy* le caoinchead ó Chartlann Scannán Éireann de chuid Institiúid Scannán na hÉireann.

Athfhriotal (lch.11) le caoinchead ó BBC News Online, 3 Eanáir 2013.

© Institiúid Scannán na hÉireann 2013.
Institiúid Scannán na hÉireann, 6 Sráid an Iústásaigh, Baile Átha Cliath 2.

T: 01 679 5744
E: schools@irishfilm.ie
W: www.irishfilm.ie/learn

Irish Film Institute

the arts council / an chomhairle ealaíon — funding the art of film — artscouncil.ie

ifb IRISH FILM BOARD — BORD SCANNÁN NA hÉIREANN

Foras na Gaeilge